

Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Éarlais Leabhar Inaisíochta

(Arna chruthú Iúil 2025)

1. Réamhrá

Le tabhairt isteach na ndéontas leabhar scoile in aisce do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, baineadh muirir na scéimeanna cíosa leabhar sna scoileanna sin. Féadfaidh scoileanna éarlais inaisíochta suas le €50 in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana/timthrialla a iarraidh chun aire cheart leabhar a spreagadh. Mar sin féin, ní mór do scoileanna rochtain ar leabhair scoile ná ar acmhainní lárnacha ranga a dhiúltú mar gheall ar an éarlais nó aon mhuirir eile a bhaineann leis an scoil a bheith neamhíochta.

2. Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Éarlais Leabhar Inaisíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an éarlais a fuarthas, ar aisíocaíocht na héarlaise agus ar aon éarlais nár aisíocadh.

2.1 Nuair a fhaightear an éarlais:

Beart	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur síos
Éarlais Faighte	DR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
	CR	2172	Ioncam Imfhálaithe Neamh- chaipitil Eile gan Chaitheamh Dliteanas Reatha

2.2 Nuair a thugtar an éarlais ar ais ina hiomláine:

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur síos
Tugtar an éarlais ar ais ina hiomláine	DR	2172	Ioncam Imfhálaithe Neamh- chaipitil Eile gan Chaitheamh Dliteanas Reatha
	CR	1800	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha

2.3 Nuair a thugtar an éarlais ar ais i bpáirt:

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur síos
Tugtar cuid den Éarlais ar ais do Thuismitheoirí	DR	2172 (Méid tugtha ar ais don tuismitheoir €)	Neamhchaipiteal Eile Imfhálaithe Dliteanas Reatha
	CR	1800 (Méid tugtha ar ais don tuismitheoir €)	Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha
Coinníonn an Scoil cuid den Éarlais	DR	2172 (Méid á choinneáil ag an scoil €)	Neamhchaipiteal Eile Imfhálaithe Dliteanas Reatha
	CR	4731 (Méid á choinneáil ag an scoil €)	Costas na Leabhar Scoile in Aisce agus Caiteachas

2.4 Nuair nach dtugtar an éarlais ar ais:

Gníomh	DR/CR	Cód Ainmniúil	Cur síos
Ní thugtar an Éarlais ar ais	DR	2172 (Méid iomlán na héalraise €)	Neamhchaipiteal Eile Imfhálaithe Dliteanas Reatha
	CR	4731 (Éarlais iomlán á coinneáil ag an scoil €)	Costas na Leabhar Scoile in Aisce agus Caiteachas